Aiseolas na Mac Léinn

Tá roinnt aidhmeanna le haiseolas a fháil ó mhic léinn ar chúrsaí:

- ➔ Dea-chleachtas maidir le caighdeán cúrsaí/modúl a mhaoirsiú agus a bheith in ann aon fhadhbanna a thagann chun cinn a aithint;
- ➔ Eolas úsáideach a fháil chun cúrsa a leasú nó a athdhearadh do mhic léinn nua;
- ➔ Léargas a fháil ar mheon na mac léinn i leith an mhodúil, cén chaoi a dtagann sé le gnéithe eile den chúrsa, cén iarracht a rinne siad ar an modúl agus cé chomh deacair nó spéisiúil a bhraitheann siad atá an topaic;
- ➔ Cuidiú le fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith sa chur i láthair (e.g. soiléireacht na cainte, teacht ar ábhar, nótaí, etc.) nó eagrú an chúrsa;
- ➔ Fadhbanna a aimsiú agus a réiteach a d'fhéadfadh a bheith ag grúpaí áirithe mac léinn nó daoine (e.g. gan an teanga a bheith acu ó dhúchas, buairt, etc.)
- ➔ 'Feidhmiú' léachtóirí a mheas nó a ghrádú do phromhadh, ardú céime, gradam nó chun críche eile.

Ba chóir go mbraithfeadh na modhanna agus na teicnící a úsáidtear ar aidhm agus ar chomhthéacs an aiseolais.

Anseo, cuirfear achoimre shimplí ar fáil de na príomh-mhodhanna atá in úsáid san ollscoil agus tabharfar moltaí praiticiúla chun iad a chur i bhfeidhm. Tá go leor bealaí eile le haiseolas a bhailiú cosúil le cur chuige neamhfhoirmiúil a úsáideann léachtóirí agus teagascóirí mar chuid den ghnáthchleachtas.

Ní mór a thabhairt ar aird gur foinse amháin eolais é aiseolas na mac léinn agus gur léargas ar leith a bhíonn le fáil as. Chun éifeachtacht agus feidhmiú cúrsa nó foireann teagaisc a mheas i gceart teastaíonn réimse foinsí níos leithne. Ní saineolaithe na mic léinn, ag deireadh an lae, ar an ábhar acadúil áirithe sin (agus b'fhéidir nach dtuigeann siad fós an tábhacht a bhaineann le topaicí nó modhanna áirithe), iad fós ag forbairt a scileanna agus a dtaithí féin mar fhoghlaimeoirí agus tionchar ag comhthéacs níos leithne an chúrsa orthu, agus tionchar ag a gcásanna pearsanta agus ag a bpiarghrúpa orthu. Mar sin féin, ó tharla gurb é an aidhm atá le haon chlár foghlama cuidiú le heolas agus le tuiscint na mac léinn a fhorbairt, tá modhanna le léargas a fháil ar mheon na mac léinn riachtanach.

Tá seirbhís lárnach institiúide i bhfeidhm ag roinnt institiúidí le haiseolas a bhailiú trí fhoirmeacha ar líne nó ar pháipéar. Tá cur chuige dá leithéid éifeachtach go minic ach teastaíonn go leor acmhainní agus chomh maith leis sin, d'fhéadfaí a cheapadh gur riachtanas seachtrach an t-aiseolas seachas gné thábhachtach de thimthriall an chúrsa, is é sin dearadh-seachadadh-measúnú. In OÉ Gaillimh, baineann freagracht an aiseolais le húinéireacht an churaclaim agus, dá bhrí sin, is ar na scoileanna agus ar na coláistí féin atá an fhreagracht, ach tuigtear, mar sin féin, le féinriail go gcaithfear modhanna cuí a chur i bhfeidhm ar gach cúrsa/modúl.

(1) Ceistneoirí Aiseolais

Is é an modh measúnaithe is coitianta san ardoideachas ceistneoirí aiseolais (caighdeánach go minic) ar líne nó ar pháipéar. Den chuid is mó, roghnaítear ceistneoirí ar pháipéar mar go mbíonn an ráta freagartha an-ard má thugtar na ceistneoirí amach sa rang. Is é an

míbhuntáiste a bhaineann leis seo go nglacann sé go leor ama agus oibre na sonraí a phróiseáil, ar scanóir nó de láimh.

Is beag freagra a thugtar ar cheistneoirí ar líne faraor, mar go mbaintear an iomarca úsáide astu i gcomhthéacsanna éagsúla (taobh amuigh de shaol na mac léinn ollscoile freisin). Caithfidh aon mheasúnú a dhéanfar trí cheistneoirí an cur chuige is fearr a ghlacadh i ngach cás agus, má roghnaítear ceistneoir ar líne, ba chóir teicnící a úsáid chun a chinntiú go gcomhlánaítear na ceistneoirí nó béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an gceistneoir a chomhlánú.

Tá bealach díreach ar Blackboard (córas bainistíochta foghlama na hOllscoile) le suirbhé a chur ar mhic léinn atá cláraithe ar aon mhodúl agus is féidir iad a chomhlánú go rúnda, agus anailís shimplí a dhéanamh orthu chomh maith le sonraí a íoslódáil ar scarbhileog. Insíonn an uirlis suirbhé ar Blackboard do 'theagascóirí' cé aige a bhfuil an ceistneoir comhlánaithe (cé nach mbeidh ainm luaite le haon fhreagra), ionas gur féidir a mheabhrú don chuid eile an ceistneoir a chomhlánú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí é seo a nascadh le 'eisiúint oiriúnaithe' agus uirlisí eile chun daoine a spreagadh le ceistneoir a chomhlánú.

Tá ceistneoirí caighdeánacha ar fáil (do shuirbhé ag deireadh modúil agus chun measúnú níos doimhne a dhéanamh ar chúrsa) ar Blackboard chomh maith. Tá siad le híoslódáil ó láithreán CELT (agus ón bhFóram Foghlama & Teagaisc) agus is féidir iad a úsáid in aon mhodúl. Is féidir iad seo a chur in oiriúint chomh maith. D'fhéadfadh a gcuid ceisteanna féin nó ceisteanna breise a bheith ag comhalta foirne nó ag scoil le cur ar a gcuid mac léinn.

Ní fiú an iomarca measúnuithe nó suirbhéanna a dhéanamh ach an oiread go háirithe má bhíonn ar mhic léinn ceistneoir a chomhlánú do gach modúl. Ba chóir é seo a chur san áireamh agus suirbhéanna simplí sciobtha a úsáid chun aiseolas a bhailiú de ghnáth.

(2) Ceisteanna Simplí Aiseolais

Faightear níos mó aiseolais trí cheisteanna oscailte a chur ar mhic léinn cosúil leis na trí shampla thíos:

> Cad iad láidreachtaí an mhodúil seo?
>
> Cad iad laigí an mhodúil seo?
>
> An bhfuil aon mholtaí agat chun an modúl a fheabhsú?

Ar ndóigh glacfaidh sé roinnt mhaith ama na sonraí ó aiseolas den chineál seo a phróiseáil más rang mór atá i gceist, más ar líne nó ar pháipéar a dhéanfar é. Ach go minic bíonn na téamaí coitianta le feiceáil tríd síos agus de bhrí gur ceisteanna oscailte iad, feicfidh an léachtóir/comhordaitheoir an chúrsa fadhbanna a bhí ag na mic léinn ach nach raibh le sonrú roimhe sin. Arís, tá bealach éifeachtach ar Blackboard leis an eolas seo a bhailiú agus bíonn na torthaí le feiceáil go sciobtha. Bheadh ceistneoir ar pháipéar oiriúnach sa rang (agus úsáideann go leor comhaltaí foirne an cur chuige seo ag deireadh léacht áirithe).

Is iontach an deis na ceisteanna a chur agus am a bheith fágtha leasuithe a dhéanamh ar an modúl, go háirithe más féidir na leasuithe a dhéanamh go héasca. Go deimhin, is iad na ceisteanna seo a bhíonn ar an scéim aiseolais i lár an tseimeastair (féach 3), ach níl aon chúis nach bhféadfaí an t-aiseolas seo a lorg go rialta seachas brath ar éascaitheoir seachtrach, etc.

(3) Measúnú i lár an tSeimeastair nó Scéim Aiseolais na Mac Léinn i nGrúpaí

In OÉ Gaillimh (faoi chúram na hOifige Feabhais ar dtús ach CELT le gairid), bíonn an deis ag comhaltaí foirne acadúla éascaitheoir seachtrach neamhspleách a fháil isteach sa rang (ar feadh 15-20 nóiméad ag deireadh léachta) agus na mic léinn a chur i ngrúpaí beaga agus na trí cheist sa chuid roimhe seo a fhreagairt. Is é an buntáiste a bhaineann le haiseolas a fháil faoin scéim seo go mbíonn ar mhic léinn i ngrúpaí aontú ar an aiseolas a thugann siad agus bíonn an scóip acu míreanna a phlé eatarthu, agus bheifí ag súil le freagraí a bhfuil níos mó machnaimh déanta orthu. Chomh maith leis sin, de bhrí gur duine neamhspleách a bhíonn i mbun an phróisis agus go bhfuil an próiseas rúnda, bheifí ag súil leis na mic léinn a bheith níos oscailte faoi fhadhbanna seachas dá mbeadh an léachtóir i mbun an phróisis. Agus, de bhrí go bhfuil an próiseas rúnda, cuirfidh sé an léachtóir ar a s(h)uaimhneas. Tugann an léachtóir faoin bpróiseas seo go deonach.

Is é an míbhuntáiste is mó a bhaineann leis an bpróiseas seo go bhfuil sé costasach. Bíonn ar an éascaitheoir seachtrach an t-aiseolas a bhailiú, a chur le chéile agus anailís a dhéanamh air i dtuarascáil mhionsonraithe. D'íoc CELT an duine seo, go dtí seo, ó fhoinsí éagsúla. Cruthaíonn sé seo dúshlán agus buiséid gearrtha siar mar atá siad. Tugtar tús áite, dá bhrí sin, do na comhaltaí foirne atá i mbun an *PgCert in Teaching & Learning in Higher Education*. Tá an próiseas seo éigeantach ar an gcúrsa.

Níl aon chúis nach bhféadfaí an próiseas a chur i bhfeidhm go hinmheánach áfach. D'fhéadfadh comhghleacaí sa scoil, nó taobh amuigh de, an próiseas a reáchtáil. Beidh muinín agus rúndacht tábhachtach chun go n-éireoidh leis an bpróiseas.

(4) Comhpháirtíochtaí Foghlama & Teagaisc (PLT) – Breathnadóireacht agus Athbhreithniú Piaraí

Modh éifeachtach eolasach iad na comhpháirtíochtaí PLT chun aiseolas a fháil ar ghné éigin de do chleachtas teagaisc, maidir le léacht, seisiún praiticiúil nó athbhreithniú ar ábhar nó acmhainní a chuireann tú ar fáil. Is éard a bhíonn ann go hiondúil ná go gcuirtear comhaltaí foirne acadúla ag obair ina mbeirteanna agus téann siad chuig seisiún teagaisc amháin a chéile agus déanann siad athbhreithniú ar a chéile. Aontaítear roimh ré na gnéithe atá le hathbhreithniú agus ansin pléitear an t-aiseolas ag an deireadh. Aon duine a d'úsáid an cur chuige seo bhraith siad go raibh sé an-éifeachtach agus gur bealach díreach é le comhoibriú agus le tacaíocht a láidriú ar bhealach nach bhfuil ionsaíoch. Cuirtear daoine le chéile ó dhisciplíní éagsúla mar go dtugann sé seo léargais dhifriúla dóibh. Is buntáiste chomh maith a leithéid a eagrú i réimsí gaolmhara, go háirithe más ábhair ghaolmhara a bheas san imeacht teagaisc atá faoi athbhreithniú. Baineann na buntáistí a thuairiscítear leis an luach a bhaineann le cur chuige teagaisc duine eile a fheiceáil seachas teagasc an duine féin a bheith á scrúdú.

(5) Seiceálacha Simplí ar Dhul Chun Cinn

Ba chóir seiceálacha neamhfhoirmiúla a dhéanamh i rith an chúrsa/mhodúil. Mar shampla, is féidir go leor a fhoghlaim ó phlé neamhfhoirmiúil le mic léinn agus le hionadaithe ranga ag deireadh léachta nó i ranganna teagaisc/seimineáir. Ba chóir tinreamh agus leibhéal rannpháirtíochta a sheiceáil chun fadhbanna a aithint a d'fhéadfaí a réiteach. Tabharfaidh marcanna i dtascanna agus i measúnuithe léargas ar dhul chun cinn na mac léinn agus d'fhéadfaí é seo a úsáid i gcomhar le haiseolas díreach agus indíreach.

(6) Ionadaithe Ranga agus Cruinnithe Scoile

Tugtar cuireadh d'ionadaithe ranga chuig cruinnithe Scoile go hiondúil. Go hidéalach, beidh mic léinn ar an eolas maidir le cinntí Scoile a bhaineann lena gcuid oideachais dá bharr. Ba chóir go mbeadh mír ar an gclár a bhaineann go sonrach le fadhbanna na mac léinn agus go mbeadh deis ag na hionadaithe na fadhbanna a léiriú agus a phlé thar ceann a ranga. Ba chóir go gcuirfeadh na hionadaithe ranga tuairimí na mac léinn in iúl trí labhairt leo go rialta agus gníomhú ar a son.

Tá na hIonadaithe Ranga luachmhar ach d'fhéadfadh mic léinn a bheith rannpháirteach ag leibhéal níos dírí sna modhanna eile aiseolais. D'fhéadfadh na hionadaithe ranga, mar shampla, na ceistneoirí modúil a bhailiú agus an t-aiseolas a chur le chéile. Thabharfadh sé seo ról níos freagraí dóibh agus úinéireacht ar an bpróiseas agus bheidís níos cinnte go gcuirfí an t-aiseolas san áireamh agus, más cuí, go ngníomhódh na comhaltaí foirne nó an Scoil air, de réir mar is cuí.

"Ciorcal an Aiseolais a Chríochnú"

Ní bhíonn measúnú ar mhodúil agus ar chúrsaí lárnach i dtimthriall an chúrsa ach ba chóir go mbeadh. Chomh maith leis sin, agus go leor plé á dhéanamh ar ról na mac léinn sa phróiseas foghlama, d'fhéadfaí a rá gur deis an próiseas measúnachta chun páirt agus freagracht na mac léinn a fhorbairt.

Caithfear, dá bhrí sin, torthaí an aiseolais agus aon ghníomh a rinneadh air a chur in iúl do na mic léinn. Léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann le bheith páirteach sa phróiseas, agus léiríonn sé chomh maith gur cleachtóirí freagracha agus machnamhacha iad na comhaltaí foirne agus an Scoil. Ar ndóigh, d'fhéadfadh sé tarlú chomh maith nach mbeidh cuid de mholtaí na mac léinn indéanta ná oiriúnach, ach sa chás sin tá sé níos tábhachtaí fós na mic léinn a chur ar an eolas faoin gcúis atá leis sin. Is iad na mic léinn a bhí páirteach sa phróiseas ba chóir a chur ar an eolas (agus ní díreach roinnt eolais a thabhairt do mhic léinn nua), fiú má tá na mic léinn sin anois ar mhodúil eile nó i mbliain eile ar an gclár. Is féidir é seo a dhéanamh go héasca trí ríomhphost, Blackboard nó ar bhealaí eile.

Acmhainní

Tá ceistneoirí eolais samplacha, prótacail do mhodhanna éagsúla agus eolas cuí eile le fáil ar Fhóram Foghlama & Teagaisc OÉ Gaillimh ar Blackboard (http://blackboard.nuigalway.ie/). Tá teacht ag an bhfoireann ar fad air seo. Tá láithreán CELT (http://www.nuigalway.ie/celt) úsáideach chomh maith agus tá eolas faoi cheardlanna agus faoi sheisiúin oiliúna ar thopaicí éagsúla cosúil le haiseolas agus le hathbhreithniú ar chúrsaí le fáil air.